

Snáithe: Uimhreas

Snáithaonad: Ionadluach

- Tinrimh ag cluichí a shlánú suas nó síos agus ionadluach na ndigití éagsúla a aithint **BILEOG OIBRE 3A**
- Uimhreacha iomlána na dtinreamh ag cluichí a léamh, a scríobh agus a ordú **BILEOG OIBRE 3A**
- Na tinrimh is mó/lú ag na cluichí a aithint **BILEOGA OIBRE 3A**
- Imir an cluiche 'Lean mé' (Féach leathanach 5 de Chártaí an Mhúinteora)



Snáithaonad: Codáin

- Aithin cé na codáin de bhratacha atá i ndathanna faoi leith
 - déan imscrúdú, comparáid agus taifead ar chruthúnas bunúsach ag úsáid á bhar coincreiteach (bratacha) agus páipéar, á fhilleadh chun a mbratacha féin a dhéanamh.
- Aithin cén codán den slua a thugann tacaíocht do gach foireann.
- Má tá ceithre ghrúpa de lucht tacaíochta ann, cuir na codáin in ord ón gceann is lú go dtí an ceann is mó.
- Ríomh an difríocht idir an slua tríd an gcodán níos lú a dhealú ón gcodán níos mó **BILEOG OIBRE 3B**.

Snáithaonad: Deachúla agus Céatadáin

- Tuiscint ar chéatadáin shimplí agus ar an gcoibhneas idir céatadáin agus deachúla a fhorbairt .i. cén céatadán d'fhoireann an chontae a imríonn do gach club agus an coibhneas eatarthu seo agus codáin agus deachúla bheith ar eolas.
- Cén céatadán de Pháirc an Chrócaigh a bhí ar áitiú ag gach duine den lucht tacaíochta?
- Cuir i gcomparáid agus in ord na codáin ags na deachúla seo.
- Réitigh fadhbanna a bhaineann le hoibríochtaí le slánuimhreacha, codáin, deachúla agus céatadáin shimplí
 - faigheann mic léinn lascaine 20% i Staid Uí Chíosóg srl.
 - tá cead isteach in aisce acu siúd faoi bhun 14 bliain d'aois, má tá 20% den slua faoi bhun 14 bliain d'aois, cé mhéad airgid a chaillfeadh an CLG?
 - cé mhéad brabúis a dhéanfaidh an CLG dá..... **BILEOGA OIBRE 3C, 3D**.

Snáithaonad: Uimhirphátrúin

- Aithin na huimhreacha seo a leanas ar na geansaithe
 - uimhreacha príomha (uimhir níos mó ná a haon le dhá roinntoir go díreach, an uimhir féin agus a haon)
 - uimhreacha ilchodacha (uimhir a bhfuil níos mó ná dhá roinntoir aici)
- Aithin na huimhreacha ar na geansaithe ar uimhreacha cearnacha iad agus ar uimhreacha dronuilleogacha iad
 - cruthaigh na huimhreacha cearnacha agus na huimhreacha dronuilleogacha ag baint úsáide as geochláir, pionnachláir agus páipéar cearnógach.



Snáithe: Ailgéabar

Snáithaonad: Cothromóidí

- Uimhirabairtí agus fráma iontu a chur in iúl mar fhocalfhadhbanna agus vice versa.
- Uimhirsceálta a chruthú chun cur síos a dhéanamh ar uimhirabairt faoi leith.
- Scóráil Mattie Forde 3 chúl agus 5 phointe, cé mhéad pointe a scóráil sé san iomlán?
- 12 roinnte ar 3, .i. 12 phointe ab ea an scór deiridh ach níor scóráladh ach cúil, cé mhéad cúl a scóráladh? **BILEOG OIBRE 3E.**
- Imscrúdaigh páitruín shimplí maidir le huimhreacha ar gheansaithe **BILEOG OIBRE 3E.**

--

Snáithaonad: Fad

- Úsáid roth landair (trundle) chun páirc na scoile nó an pháirc áitiúil CLG a thomhas.
- Déan meastachán ar agus ansin tomhais imlíne pháirc na scoile nó na páirce áitiúla CLG.
- Déan meastachán ar agus ansin tomhais fad pháirc na scoile nó na páirce áitiúla CLG.
- Athainmnigh toisí fad ag cur faid in iúl mar chodáin agus mar dheachúla.
- Tá an pháirc 60 méadar ar fhad = $\frac{60}{1000 \text{ km}} = 0.060\text{km}$.
- Roghnaigh an t-aonad cuí tomhais **BILEOG OIBRE 3L.**

Snáithaonad: Achar

- Déan meastachán ar agus ansin tomhais achar pháirc na scoile nó na páirce áitiúla CLG.
- Ríomh achar na páirce leis an eolas riachtanach.
- Ríomh achar agus imlíne chúirt liathróid láimhe Éireannaí agus chúirt lithróid láimhe idirnáisiúnta **BILEOG OIBRE 3L.**

Snáithaonad: Meáchan

- Déan meastachán ar mheáchan sliotair.
- Tomhais agus déan taifead ar mheáchan sliotar a úsáidtear i gcluiche sinsireach iománaíochta agus camógaíochta **BILEOG OIBRE 3L.**

Snáithaonad: Am

- Léirmhíneadh agus athraigh amanta cluichí idir formáid 12-uair agus formáid 24-uair -tosaíonn Cluiche Ceannais na hÉireann ag 3.45i.n. = 15.45
- Léigh agus léirmhíneadh amchláir, .i. bus, traen srl. chun taisteal chuig cluichí nó go dtí Páirc an Chrócaigh do Chluiche Ceannais na hÉireann.



- Ríomh cén fhad a bheadh lucht tacaíochta ag taisteal ar an traein/mbus nó sa charr chun ionad an chluiche a shroicheadh
-fágann an bus ag 12:00, sroicheadh sé Béal an Átha ag 13:40, ar feadh cén fhad a raibh an fhoireann ag taisteal?
- Imscrúdaigh criosanna ama idirnáisiúnta trí oibriú amach cé na hamanta a bheidh Cluiche Ceannais na hÉireann á thaispeáint beo in Éirinn, sa Fhrainc, sna Stáit Aontaithe agus san Astráil.
- Imscrúdaigh an coibhneas idir am, luas agus achar **BILEOG OIBRE 3F, 3G.**

Snáithaonad: Airgead

- Imscrúdaigh an coincheap a bhaineann le luach do chuid airgid a fháil maidir le ticéid do chluichí, .i. lascaí do phinsinéirí seanaoise.
- Athraigh airgeadra eile go euro agus vice versa
-cé mhéad a chosnódh an ticéad do Chluiche Ceannais na hÉireann i steirling, dollair Mheiriceánacha srl.
- Ríomh an pá a fhaigheann maoir má íoctar de réir na huairé iad.
- Déan comparáid idir praghsanna nithe sna siopaí a bhíonn ag na cluichí agus praghsanna nithe a bhíonn sna hollmhargaí **BILEOG OIBRE 3H.**

Snáithe: Sonraí

Snáithaonad: Sonraí a Léiriú agus a Léirmhíniú

- Sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú ag úsáid pictéagram, barra-chairteacha singile agus ilbharra-chairteacha agus píchairteacha simplí
-sonraí tag.: tinreamh ag cluichí.
- pictéagram, barra-chairteacha singile agus ilbharra-chairteacha bunaithe ar thinrimh CLG nó cluichí buacacha le clubanna/contaetha éagsúla a léamh agus a léirmhíniú.
- tacair shimplí de shonraí a thiomsú agus a úsáid
-torthaí spóirt, cluichí buaite, cluichí cailte agus scóir.
- Sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú ag úsáid treoghráf
-sonraí tag.: tinrimh ag cluichí **BILEOG OIBRE 3I.**

Snáithaonad: Seans

- Aithin an liosta de thorthaí féideartha don fhoireann baile sa tSraith Náisiúnta le 8 gcluiche.
- Déan meastachán ar an seans go dtarlóidh siad seo a leanas:
-go mbeidh an bua ag foireann éigin
-go gcuirfear an cluiche ar ceal
-go gcuirfear imreoir den pháirc
-nach dtiocfaidh an réiteoir go dtí an cluiche **BILEOG OIBRE 3J**



Snáithe: Cruth agus Spás

Snáithaonad: Cruthanna 2-T

- Aithin cruthanna 2-T a bheadh le feiceáil ar pháirc CLG .i. dronuilleog, ciorcal, leathchiorcal
- Pléigh na tréithe atá ag na cruthanna 2-T seo, cúinní, taobhanna, imill srl.
- Imscrúdaigh línte siméadrachta. An féidir na cuaillí báire agus an trasnán a fhilleadh chun go mbeidh siad siméadrach? Cé mhéad bealach difiúil ar féidir é a fhilleadh? An féidir leis na páistí na línte siméadrachta a tharraingt isteach? **BILEOG OIBRE 3K.**

Snáithaonad: Cruthanna 3-T

- Aithin cruthanna 3-T.
- Is cruth feiliúnach do liathróid sféar toisc nach bhfuil aon chúinní aige. Ligeann sé seo dó taisteal níos faide. Ligeann sé do na himreoirí an liathróid a chiceáil ag pointe ar bith uirthi. **BILEOG OIBRE 3K.**

Snáithaonad: Línte agus Uillinneacha

- Aithin uillinneacha i bpictiúr faoi leith .i. dronuillinneacha, uillinneacha díreacha srl.
- Pléigh na tréithe atá ag línte i bpictiúr: An bhfuil na línte ingearach? An bhfuil siad comhthreomhar? An bhfuil línte cothrománach? An bhfuil línte ingearach? **BILEOG OIBRE 3K.**



Cluiche 'Lean Mé'

- Tugtar cárta do gach páiste le figiúr tinrimh ó chluiche air.
- Is ar thuiscint ar ionadluach atá an bhéim
- Caithfidh gach páiste a c(h)árta a léamh agus éisteacht leis an leid a insíonn cén uair ar cheart mise a leanúint.
- Méadaigh na cártaí seo agus dáil ar na daltaí iad.

| | |
|--|---|
| Is mise 31,600. Lean mé má tá tú 2 chéad níos mó. | Is mise 31,800. Lean mé má tá tú 1 mhíle níos lú. |
| Is mise 30,800. Lean mé má tá tú 2 dheich níos mó. | Is mise 30,820. Lean mé má tá tú 5 mhíle níos lú. |
| Is mise 25,820. Lean mé má tá tú 3 chéad níos mó. | Is mise 26,120. Lean mé má tá tú 5 chéad níos mó. |
| Is mise 26,620. Lean mé má tá tú 8 ndeich níos mó. | Is mise 26,700. Lean mé má tá tú 3 mhíle níos lú. |
| Is mise 23,700. Lean mé má tá tú 3 chéad níos mó. | Is mise 24,000. Lean mé má tá tú 5 mhíle níos lú. |
| Is mise 19,000. Lean mé má tá tú 9 míle níos mó. | Is mise 28,000. Lean mé má tá tú 6 chéad níos mó. |

| | |
|--|---|
| Is mise 28,559. Lean mé má tá tú 3 chéad níos mó. | Is mise 28,859. Lean mé má tá tú 1 deich níos lú. |
| Is mise 28,849. Lean mé má tá tú 4 mhíle níos mó. | Is mise 32,849. Lean mé má tá tú slánaithe go dtí an míle is gaire. |
| Is mise 33,000. Lean mé má tá tú 6 aonad níos mó. | Is mise 33,006. Lean mé má tá tú 2 dheich níos mó. |
| Is mise 33,026. Lean mé má tá tú 4 chéad níos mó. | Is mise 33,426. Lean mé má tá tú 6 chéad níos mó. |
| Is mise 34,026. Lean mé má tá tú 4 dheich níos mó. | Is mise 34,066. Lean mé má tá tú 1 chéad níos mó. |
| Is mise 34,166. Lean mé má tá tú 3 mhíle níos lú. | Is mise 31,166. Lean mé má shlánaíonn tú go dtí an céad is gaire. |
| Is mise 31,200. Lean mé má tá tú 1 mhíle níos mó. | Is mise 32,200. Lean mé má tá tú 200 chéad níos mó. |
| Is mise 32,400. Lean mé má tá tú 1 mhíle níos lú. | Is mise 31,400. Lean mé má tá tú 2 chéad níos mó. |

